

Bileog 8.1**An duine aclaí tú?****Cuid A**

Féach ar na ceisteanna seo thíos agus roghnaigh na freagraí cearta as an chiorcal. Ansin pléigh iad leis an duine in aice leat.

An duine aclaí tú? _____

An bhfuil tú aclaí? _____

Tá/Níl

Sea/Ní hea

Cuid B

An féidir leat ceisteanna a chumadh a théann leis na freagraí thíos? Déan aithris ar an múnla thuas chun na ceisteanna a chumadh. Tá an chéad cheann déanta duit!

(aclaí)	<u>An duine aclaí é</u> _____?	Sea/Ní hea
(sláintiúil)	_____?	Tá/Níl
(greannmhar)	_____?	Tá/Níl
(falsa)	_____?	Sea/Ní hea
(míshláintiúil)	_____?	Sea/Ní hea
(cliste)	_____?	Tá/Níl

Mura bhfuil na focail atá idir lúibíní ar eolas agat féach san fhoclóir le bheith cinnte go dtuigeann tú cad is brí leo. Anois, cuir féin agus an duine in aice leat na ceisteanna thuas ar a chéile agus tugaigí na freagraí cearta.

Cuid C

Éist leis an téip agus cuir ciorcal ar an fhocal fíor nó bréagach sa dara colún le léiriú an bhfuil na cainteoirí éagsúla aclaí nó nach bhfuil. Cuir eolas breise sa cholún ar dheis.

Cainteoir	Aclaí – fíor/bréagach	Eolas Breise
1	fíor/bréagach	
2	fíor/bréagach	
3	fíor/bréagach	
4	fíor/bréagach	
5	fíor/bréagach	

Bileog 8.2**An duine aclaí tú?**

Don mhúinteoir!

Duine A – Is duine aclaí mé!

Snámh



3 lá sa tseachtain

Siúl



gach lá

Leadóg



dhá lá sa tseachtain

Seoltóireacht



gach mí

Duine B – Tá mé aclaí go leor!

Rothaíocht




gach maidin

Damhsa



gach Aoine

Iascaireacht



uair sa mhí

Léamh



gach oíche

Duine C – Ní duine aclaí mé ar chor ar bith!

An phictiúrlann



dhá uair sa tseachtain

Léamh



gach lá

An teach tábhairne



3 huair sa tseachtain

An teilifís



gach oíche

Bileog 8.3**An duine aclaí tú?****Cuid A**

Tabharfaidh an múinteoir cárta duit le heolas air faoin aclaíocht a dhéanann tú. Glac cúpla bomaite anois le bheith cinnte gur féidir leat a bhfuil ar an chárta a rá. Féach ar na briathra seo le cuidiú leat:

Téim

Siúlaim

Imrím

Féachaim

Léim

Cuid B

Beidh tú ag obair i ngrúpa le beirt eile. Bí cinnte gur féidir leat cur síos fada a dhéanamh ar do chárta féin anois. Cuir ceist ar an bheirt eile an bhfuil siad aclaí nó nach bhfuil. Cad é an dá bhealach leis an cheist a chur arís? Agus cad é an freagra ceart ar an dá cheist?

1. _____ ? _____
2. _____ ? _____

Cuid C

Breac síos an t-eolas a fhaigheann tú ón bheirt eile sa ghrúpa sa bhosca seo.

	Duine 1	Duine 2
Aclaí		
Cad é a dhéanann sé/sí?		
Cé chomh minic?		

Bileog 8.4**Bia agus sláinte****Cuid A**

An duine sláintiúil tú? Bí ag obair leis an duine in aice leat le bheith cinnte go dtuigeann tú na focail thíos.

**Cuid B**

Ag úsáid na bhfocal thuas scríobh cúpla abairt ag déanamh cur síos ar an bhia agus ar an deoch a ghlacann tú ar mhaithe le do shláinte.

Cuid C

Anois labhair leis an duine in aice leat agus cuir ceisteanna air/uirthi ag úsáid an stór focal agus na mbriathra atá foghlamtha agat.


Samplaí:

An itheann tú bia orgánach?

An gcaitheann tú tobac?

Bileog 8.5**Cad é mar a bhraitheann tú?****Cuid A**

Cuir na frásaí thíos san ord ceart ar an scála trí uimhir a scríobh sna boscaí.



1. Ní bhraithim rómhaith.
2. Tá mé go breá.
3. Níl mé ach go measartha/cuibheasach.
4. Níl cailleadh ar bith orm.

An bhfuil frása ar bith eile agatsa le do chuid tuairimí a chur in iúl faoi cad é mar a bhraitheann tú?

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí iarracht comhrá a chumadh atá bunaithe ar an bpictiúr thíos.



Cuid C

Cad é mar atá tú féin inniu? Roghnaigh an frása is fearr a chuireann síos ar an dóigh a bhraitheann tú inniu. Seas suas agus labhair le cúpla duine sa rang agus cuir ceist orthu cad é mar a bhraitheann siadsan inniu.

Bileog 8.6**An corp****Cuid A**

Féach ar an phictiúr thíos den chorp. Tá na focail atá ag teastáil sa bhosca ar dheis ach tá siad measctha. Cuir na litreacha san ord ceart leis na focail a scríobh mar is ceart. Ansin scríobh uimhir gach focal in aice leis an bhall sin den chorp sa phictiúr ar chlé.



- | | |
|-------------|-------|
| 1. rmdoi | _____ |
| 2. ncaen | _____ |
| 3. áciatnsh | _____ |
| 4. mláh | _____ |
| 5. mnieuál | _____ |
| 6. nóit | _____ |
| 7. hgadhái | _____ |
| 8. nriútí | _____ |
| 9. rsnó | _____ |
| 10. cso | _____ |
| 11. amré | _____ |
| 12. ilsú | _____ |
| 13. blaé | _____ |
| 14. ldaahr | _____ |
| 15. mgsi | _____ |
| 16. nlúgi | _____ |

Cuid B

Cuir ‘mo’ roimh gach focal thuas!

- | | |
|-----------|-----------|
| 1. _____ | 2. _____ |
| 3. _____ | 4. _____ |
| 5. _____ | 6. _____ |
| 7. _____ | 8. _____ |
| 9. _____ | 10. _____ |
| 11. _____ | 12. _____ |
| 13. _____ | 14. _____ |
| 15. _____ | 16. _____ |

Bileog 8.7**An corp****Cuid A**

Féach ar na liostaí thíos d'fhocail éagsúla a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar do chorp agus ar cad é atá cearr leat. An féidir leat cur leis na liostaí?

Briathra:

Bris
Gortaigh

Aidiachtaí:

Nimhneach
Pianmhar

Ainmfhocail:

Teocht – Tá teocht ard agam
Póit – Tá póit orm

Cuid B

Cuir na habairtí seo san ord ceart.

1. mo Tá iontach sciathán nimhneach.

2. mé peile Ghortaigh chos ag mo imirt.

3. an bhliain Bhris mé caite mo lámh seo.


4. an-phianmhar mé Leon mo tá agus rúitín sé.

5. mé tá orm an iomarca inniu aréir D'ól agus póit.

6. le Tá uafásach slaghdán orm seachtain.

Bileog 8.8**Máire agus Jan****Cuid A**









Sula n-éisteannt tú leis an téip léigh an t-alt beag seo thíos faoi Mháire agus Jan. Scríobh na focail nach bhfuil tú cinnte fúthu sa bhosca agus pléigh leis an duine in aice leat iad.



Tá coicís anois ann ó bhuail Máire agus Jan le chéile. Bhí Máire ag obair sa Fhrainc ar feadh coicíse. Buaileann siad le chéile i dteach tábhairne i lár na cathrach. Ní bhraitheann ceachtar acu rómhaith, agus tá iontas ar Mháire nuair a fheiceann sí cad é atá cearr le Jan! Míníonn Jan an scéal.

Cuid B

Seo thíos an méid a tharla do Jan. Éist leis an téip agus cuir na pictiúir san ord ceart trí uimhir a chur le gach ceann.


Thit mé 	Lá fliuch 	Ghortaigh mé 	Cara, 1pm 
Madra 	Dé Sathairn 	Lá go dona 	Bóthar na Farraise 

Cuid C

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí scéal Jan le chéile. Éistigí leis an téip arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Bileog 8.9**Cad é atá cearr leat? Duine A****Cuid A**

Is tusa an duine sa phictiúr. Bhí tú imithe ag an deireadh seachtaine agus seo an méid a tharla duit! Féach ar na pictiúir agus bí cinnte gur féidir leat cur síos a dhéanamh orthu.

**Cuid B**

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur ceiste ar a chéile faoi cad é a tharla ag an deireadh seachtaine. Féach ar an chomhrá seo le cuidiú libh:


- Cad é mar atá tú?
- Tá mé go measartha.
- Cad é atá cearr leat?
- Féach! Bhris mé mo ladhar ag an deireadh seachtaine nuair a bhí mé ag imirt cispheile! Tá sé an-nimhneach! Cad é mar atá tú féin?
- Ní bhraithim rómhaithe. Tá slaghdán orm agus tá teocht agam. Bhí mé ar shiúlóid sléibhe ag an deireadh seachtaine agus bhí lá fliuch ann.

Cuid C

Labhair leis an duine a raibh tú ag obair leis/léi agus breac síos cad é atá cearr leis/léi sa spás thíos.

Bileog 8.10**Cad é atá cearr leat? Duine B****Cuid A**

Is tusa an duine sa phictiúr. Bhí tú imithe ag an deireadh seachtaine agus seo an méid a tharla duit! Féach ar na pictiúir agus bí cinnte gur féidir leat cur síos a dhéanamh orthu.

**Cuid B**

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag cur ceiste ar a chéile faoi cad é a tharla ag an deireadh seachtaine. Féach ar an chomhrá seo le cuidiú libh:

- Cad é mar atá tú?
- Tá mé go measartha.
- Cad é atá cearr leat?
- Féach! Bhris mé mo ladhar ag an deireadh seachtaine nuair a bhí mé ag imirt cispheile! Tá sé an-nimhneach! Cad é mar atá tú féin?
- Ní bhraithim rómhaith. Tá slaghdán orm agus tá teocht agam. Bhí mé ar shiúlóid sléibhe ag an deireadh seachtaine agus bhí lá fliuch ann.

Cuid C

Labhair leis an duine a raibh tú ag obair leis/léi agus breac síos cad é atá cearr leis/léi sa spás thíos.

Bileog 8.11**An bhfuil biseach ort?****Cuid A***Féach ar an cheist seo:*

An bhfuil biseach ort go fóill?

*Cad is brí leis an cheist seo agus cad é an freagra gonta diúltach agus dearfach?***Cuid B***Féach ar na freagraí seo anois. Éist leis an téip agus roghnaigh an abairt is fearr a léiríonn cad é mar atá gach cainteoir anois trí uimhir a scríobh in aice le gach duine díobh.*

1. Tá mé ag teacht chugam féin.
2. Tá biseach ag teacht orm.
3. Níl biseach orm. Tá mé tinn go fóill.
4. Níl biseach orm. Tá sí nimhneach go fóill.

Cainteoir A: _____

Cainteoir B: _____

Cainteoir C: _____

Cainteoir D: _____

Cuid C*Féach ar an chárta thíos. Go minic cuirtear cártaí mar seo chuig daoine nuair atá siad tinn – an dtuigeann tú é?*A Shiobhán, a chara

Go dtaga biseach ort gan mhoill.


Grá mór ó do chara,
Máire

Tá súil agam.....

- go bhfuil biseach ort
- go bhfuil tú ag teacht chugat féin
- go bhfuil tú níos fearr

Bileog 8.12**An bhfuil biseach ort?****Cuid A**

Scríobh nóta beag sa chárta seo thíos chuig cara leat atá tinn. Bain úsáid as an eolas ar Bileog 8.11 agus féach siar ar Topaic 1 – Ócáidí Sóisialta le cuidiú leat.



A _____, _____

Cuid B

Féach cad é atá scríofa ar chárta an duine in aice leat. An raibh an cárta céanna agaibh?

Cuid C

Roghnaigh ceann de na pictiúir thíos agus siúil timpeall an ranga ag rá cad é a bhí cearr leat ag an deireadh seachtaine. Beidh tú ag cur na ceiste seo agus beidh daoine eile ag cur na ceiste céanna:

An bhfuil biseach ag teacht ort?

Bíodh freagra na ceiste sin ullmhaithe agat!



Bileog 8.13**Ba cheart duit. . .****Cuid A**


Féach ar an struchtúr seo thíos:

Ba cheart duit dul chuig an dochtúir!
Caithfidh tú dul chuig an dochtúir!

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoin dá abairt thuas?

Cuid B

Líon na bearnaí sna habairtí thíos. Nuair atá tú críochnaithe labhair leis an duine in aice leat le feiceáil ar roghnaigh sibh na focail chéanna le cur sna bearnaí. An dtuigeann sibh gach abairt?



1. Ba cheart duit níos mó _____ a dhéanamh!
2. Caithfidh tú níos mó torthaí _____.
3. Caithfidh tú dul _____.
4. Ba cheart duit dul chuig an _____.
5. Ba cheart duit _____ a thógáil.
6. Caithfidh tú _____ síos.
7. Ba cheart duit deoch uisce _____.

Cuid C

Abair leis an duine in aice leat go bhfuil tinneas éigin ort. Féach ar Bileog 8.7 le cuidiú leat. Beidh sibh ag cur comhairle ar a chéile. Bain úsáid as na samplaí thuas agus cuir comhairle ar an duine in aice leat. Cuir leis na samplaí thuas más féidir!

Bileog 8.14**Ba cheart duit. . .****Cuid A**

Sula n-éistean tú leis an téip léigh na habairtí seo ar fad leis an duine in aice leat agus bígí cinnte go dtuigeann sibh gach abairt.

Tinneas	Comhairle
1. Tá pian i mo bholg!	A. Ba cheart duit níos mó aclaíochta a dhéanamh.
2. Bím tuirseach an t-am ar fad.	B. Ba cheart duit dul go dtí an t-ospidéal.
3. Tá póit orm.	C. Ba cheart duit sos a thógáil. Tá tú ag obair ródhian.
4. Ghortaigh mé mo dhroim ag obair.	D. Tá tú ag ól barraíocht.
5. Tá an fliú orm arís. Tá teocht an-ard orm.	E. Ba cheart duit saoire a thógáil.
6. Bhris mé mo mhéar.	F. Ba cheart duit bia sláintiúil a ithe.
7. Bhí mé ag caitheamh amach arís ar maidin.	G. Ba cheart duit dul chuig an dochtúir.
8. Ní bhraithim rómhaith. Tá mé faoi bhrú.	H. Caithfidh tú aire níos fearr a thabhairt duit féin.

Cuid B

Roghnaigh féin agus an duine in aice leat an chomhairle is fearr do gach tinneas.

Cuid C

Éist leis an téip anois. Cén chomhairle a tugadh do gach tinneas ar an téip? Scríobh an litir cheart (an chomhairle) a théann le gach uimhir (tinneas) sna boscaí thíos. Tá an chéad cheann déanta duit!

1	2	3	4	5	6	7	8
F							

Bileog 8.15**Ag Tabhairt Comhairle**

Don mhúinteoir!

Tá tinneas cinn orm	Bhris mé mo chos	Tá mé tuirseach	Tá teocht an-ard agam	Caithim tobac
Tá póit orm	Ghortaigh mé mo lámh	Chaith mé amach	Tá pian i mo bholg	Tá mo lámh nimhneach
Tá mé faoi bhrú	Bhris mé mo mhéar	Ní bhraithim rómhaith	Tá pian i mo chroí	Tá teocht ard ag m'íníon
Ólaim an iomarca	Bhris mo mhac a chos	Ní féidir liom codladh	Ghortaigh mé mo dhroim	Tá m'fhiaicail nimhneach

Bileog 8.16**An tSláinte i Seanfhocail**

Tá a lán seanfhocal sa Ghaeilge a bhaineann le cúrsaí sláinte. Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na seanfhocail Ghaeilge ar chlé thíos a cheangal leis na cinn i mBéarla ar dheis. Féachaigí ar an ghluais le cuidiú libh:

luibh – herb
 bás – death
 goimh/galar/aicíd – disease
 táinte – wealth
 fada – long/lasting

Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.	Better great health than many cattle
I dtús an ghalair ná bí mall, níl brí sa luibh ná faighte in am.	A lasting disease never told a lie
Galar gan náire grá nó tart	There is no cure for death
Is fearr an tsláinte mhór ná na mílte bó.	Don't hesitate at the beginning of an illness, a herb taken late is no good
Is fearr an tsláinte ná na táinte	Love and thirst are diseases without shame
Galar fada níor inis ariamh bréag.	Better health than riches
Ní haon mhaith cneasú thar ghoimh.	A disease caught in time is more easily cured
I dtosach na haicíde is fusa é an leigheas.	It's no use curing the symptoms instead of the disease